Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9276/26**

**LIMITE**

**CORLX 465**
**CFSP/PESC 691**
**RELEX 656**
**MOG 100**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear[1], agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 186, 25.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1529/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/1529.

(2) An 22 Bealtaine 2026, ghlac an Comhairle Cinneadh (CBES) 2026/1157[2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 lena gceadaítear srianta taistil agus bearta reo sócmhainní a fhorchur ar dhaoine agus ar eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais na hIaráine, a thacaíonn leo, a chuireann chun feidhme iad nó a bhaineann tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart beirt agus eintiteas amháin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

2 Cinneadh (CBES) 2026/1157 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua (IO L, 2026/1157, 26.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1157/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘25. | Mohammad AKBARZADEH | محمد اکبرزاده<br>(litriú Fairsise) | Post/poist:<br>Leas-Cheannasaí ar Ghnóthaí Polaitiúla Chabhlach Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGCN)<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is é Mohammad Akbarzadeh Leas-Cheannasaí ar Ghnóthaí Polaitiúla Chabhlach Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGCN) atá liostaithe ag an Aontas agus feidhmíonn sé mar urlabhraí thar ceann IRGCN.<br>Cuireann IRGCN beartais na hIaráine chun feidhme lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta i gCaolas Hormuz trí chóras dolaí a fhorfheidhmiú i gCaolas Hormuz agus trí shoithí tráchtála iomadúla a bhagairt, a chiapadh agus a ionsaí i gCaolas Hormuz. Ina ráitis, deir Akbarzadeh go bhfuil smacht iomlán ag an Iaráin ar Chaolas Hormuz agus go bhfuil bagairt ann go ndéanfaidh an Iaráin diúracáin nó ladrainn a úsáid i gcoinne soithí atá ar idirthuras i gCaolas Hormuz.<br>Dá bhrí sin, tacaíonn Mohammad Akbarzadeh le gníomhaíochtaí agus beartais na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear, agus cuireann sé chun feidhme iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 26. | Hamid HOSSEINI | حمید حسینی<br>(litriú Fairsise) | Post/poist: Urlabhraí thar ceann Aontas Onnmhaireoirí Ola, Gáis agus Táirgí Peitriceimiceacha na hIaráine.<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Tá Hamid Hosseini ina urlabhraí thar ceann Aontas Onnmhaireoirí Ola, Gáis agus Táirgí Peitriceimiceacha na hIaráine agus ina chomhalta de Chomhlachas Tráchtála na hIaráine.<br>Is comhlachas tionscail é Aontas Onnmhaireoirí Ola, Gáis agus Táirgí Peitriceimiceán na hIaráine ar cuideachtaí iad a chomhaltaí a bhfuil baint acu le táirgeadh agus onnmhairiú peitriliam, gáis agus táirgí peitriceimiceán. Tá baint mhór ag rialtas na hIaráine agus ag Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí le honnmhairí ola na hIaráine.<br>Chuir an Iaráin beartas chun feidhme lena gceanglaítear ar shoithí atá ar idirthuras trí Chaolas Hormuz faisnéis a chur isteach, dul faoi mheasúnú, agus táillí idirthurais a íoc le húdaráis na hIaráine. Ina cháil mar urlabhraí thar ceann Aontas Onnmhaireoirí Ola, Gáis agus Táirgí Peitriceimiceán na hIaráine, míníonn Hosseini an beartas seo agus cuireann sé chun cinn an beartas seo trí ráitis in eagraíochtaí meán idirnáisiúnta agus de chuid na hIaráine.<br>Dá bhrí sin, tacaíonn Hamid Hosseini le gníomhaíochtaí agus beartais na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear, agus cuireann sé chun feidhme iad. | +’; |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘27. | Ceannasaíocht Chúigeach Hormozgan de chuid Chabhlach Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGCN) | | Áit chlárúcháin: An Iaráin | Is foroinn de Chabhlach Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGCN) atá liostaithe ag an Aontas í Ceannasaíocht Chúige Hormozgan de chuid IRGCN. Tá smacht glactha ag IRGCN ar Chaolas Hormuz agus tá córas dolaí curtha chun feidhme aige sa Chaolas trína gceanglaítear ar shoithí doiciméadacht aitheantais chomh maith le faisnéis lasta agus cinn scríbe a chur ar fáil d’idirghabhálaithe a chuireann an fhaisnéis ar aghaidh ansin chuig Ceannasaíocht Chúigeach Hormozgan. Ar bhonn na faisnéise sin, déanann Ceannasaíocht Chúigeach Hormozgan scagadh ar shoithí agus cinneann sí cé na soithí a gceadaítear dóibh idirthuras a dhéanamh tríd an gCaolas, uaireanta faoi réir dola a íoc.<br>Dá bhrí sin, déanann Ceannasaíocht Chúigeach Hormozgan de chuid IRGCN gníomhaíochtaí nó beartais na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear a chur chun feidhme. | [+]’. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.